

## Eolas do Phinsinéirí a Íoctar trí Phárolla na Roinne Oideachais agus Scileanna

### Laghdú Pinsin na Seirbhíse Poiblí (LPSP)

Baineann an t-eolas sa doiciméad seo le suimeanna bliantúla pinsin. Chun an pinsean coicísiúil a ríomh, roinntear an méid bliantúil pinsin ar 26.09– e.g. €32,500 / 26.09 = €1,245.69.

#### Laghdú Pinsin na Seirbhíse Poiblí (LPSP)

- Tugadh isteach an laghdú seo faoin Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2010 agus bhí feidhm aige ó 1<sup>ú</sup> Eanáir 2011. Fadaíodh agus leasaíodh é faoin Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2013. Bhí feidhm ag an athrú ó 1 Iúil 2013.
- Cuirtear an laghdú i bhfeidhm ar ollráta bliantúil pinsin an phinsinéara agus úsáid á baint as tacar rátaí agus bandaí ioncain.
- Faoin Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2013 cuireadh rátaí níos airde in ionad na rátaí a raibh feidhm acu suas go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2012 i gcás pinsean a deonaíodh suas go dtí deireadh mhí Feabhra 2012. Níl feidhm ag na rátaí arda seo, áfach, ach amháin i gcás pinsean dar ollráta bliantúil (iar-LPSP mar a bhí ar dtús) de €32,500 nó os a chionn sin. Tá feidhm ag rátaí mhí Feabhra 2012 i gcónaí i gcás pinsean dar oll-luach níos lú ná €32,500 in aghaidh na bliana.
- I gcás pinsean a deonaíodh ó 1 Márta 2012 i leith, tugadh isteach rátaí nua bandáilte LPSP faoi Acht 2013, a bhfuil feidhm acu ó 1 Iúil 2013 i gcás pinsean dar oll-luach bliantúil €32,500. Tá feidhm ag na rátaí seo chomh maith i gcás pinsean a dheonófar ar scor do dhuine suas go dtí Lúnasa 2014.

#### Scor ar pinsean suas go dtí 29 Feabhra 2012 – (Feic Cairt A agus Táblaí 1 agus 2)

##### Áit ar scoir ball den scéim ar nó roimh 29 Feabhra 2012:

*Ríomhtar an pinsean trí thagairt do scálaí tuarastail a bhí i bhfeidhm ar 30 Nollaig 2009.*

Tá pinsean dar oll-luach bliantúil suim níos mó ná €12,000 faoi réir ag rátaí LPSP a tugadh isteach faoin Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2010 ó **1 Eanáir 2011**. Níl feidhm ag an LPSP i leith pinsin dar oll-luach bliantúil suim faoi bhun €12,000. (Feic Colúin 1 agus 2 de Thábla 1.)

#### Scor ar pinsean ó 1 Márta 2012 go dtí 31 Lúnasa 2014 – (Feic Cairt B agus Táblaí 1 agus 2)

##### Áit ar scoir ball den scéim sa tréimhse 1 Márta 2012 go dtí 30 Meitheamh 2013

*Ríomhtar an pinsean trí thagairt do scálaí tuarastail a bhí i bhfeidhm ag dáta an scoir*

Tá pinsean dar oll-luach bliantúil suim níos mó ná €32,500 faoi réir ag LPSP ag rátaí laghdaithe a tugadh isteach faoin Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2013 ó **1 Iúil 2013**, faoi réir ag an ollphinsin lúide LPSP gan a bheith titithe faoi bhun €32,500. Níl feidhm ag an LPSP i leith pinsin dar oll-luach bliantúil suim faoi bhun €32,500. (Feic Colúin 3 agus 4 de Thábla 1.)


##### Áit a scoireann ball den scéim sa tréimhse 1 Iúil 2013 go dtí 31 Lúnasa 2014

*Ríomhtar an pinsean trí thagairt do scálaí tuarastail a bhí i bhfeidhm ar 30 Meitheamh 2013.*


Beidh pinsean dar oll-luach bliantúil suim níos mó ná €32,500 faoi réir ag LPSP ag rátaí laghdaithe a tugadh isteach faoin Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2013, faoi réir ag an ollphinsin lúide LPSP gan a bheith titithe faoi bhun €32,500. Ní bheidh feidhm ag an LPSP i leith pinsin dar oll-luach bliantúil suim faoi bhun €32,500. (Feic Colúin 3 agus 4 de Thábla 1.)

## CAIRT A

## CAIRT B



**TÁBLA 1: Leagtar amach Rátaí agus Bandaí an LPSP:**



TÁBLA 1	Chuaigh ar scor ar nó roimh 29 Feabhra 2012 (Rátaí a bhfuil feidhm acu ó 1 Eanáir 2011) (Cairt A)		Chuaigh ar scor 1 Márta 2012 go 31 Lúnasa 2014 (Rátaí a bhfuil feidhm acu ó 1 Iúil 2013) (Cairt B)	
	Colún 1	Colún 2	Colún 3	Colún 4
	Pinsean $\leq$ €34,131.87, i.e. Pinsean líide LPSP mar a bhí roimh Iúil 2013 níos lú nó cothrom le €32,500	Pinsean $>$ €34,131.87, i.e. Pinsean líide LPSP mar a bhí roimh Iúil 2013 níos mó ná €32,500*	Pinsean níos lú nó cothrom le €32,500	Pinsean níos mó ná €32,500*
Pinsean Bliantúil	Ráta LPSP	Ráta LPSP	Ráta LPSP	Ráta LPSP
Suas go €12,000	0%	0%	0%	0%
€12,001 go €24,000	6%	8%	0%	2%
€24,001 go €60,000	9% (€24,001 go dtí €34,131.87)	12%	0%	3%
€60,001 go €100,000	(n/b)	17%	0%	5%
Os cionn €100,000	(n/b)	28%	0%	8%

\*Áit a mbíonn feidhm ag LPSP leasaithe nó nua ó mhí Iúil 2013 bíonn an t-athrú, mar chéatadán den ollphinsean, idir tuairim is 2% ag leibhéal na tairsí de €32,500 (faoi réir ag €32,500 ar a laghad a bheith fágtha i ngach aon phinsean) agus 5% i gcás na bpinsean is airde.

**TÁBLA 2 Léirítear an chaoi ina dtéann na hathruithe i gcion ar phinsin:**

<b>TÁBLA 2</b>					
<b>Scoir suas go dtí 29 Feabhra 2012</b>					
Ollphinsean Bliantúil	Níos lú ná	€34,131.87			Gan athrú ar bith ar an LPSP
Ollphinsean Bliantúil	Ó	€34,131.88	go	€34,749.99	Ní laghdófar an pinsean lúide an LPSP leasaithe faoi €32,500
Ollphinsean Bliantúil	Níos mó ná	€34,750.00			LPSP leasaithe (feic Colún 2 de Thábla 1)
<b>Scoir i ndiaidh 29 Feabhra 2012</b>					
Ollphinsean Bliantúil	Níos lú ná	€32,500			Gan athrú ar bith, LPSP nialais iníoctha
Ollphinsean Bliantúil	Ó	€32,500.01	go	€33,010.30	Ní laghdófar an pinsean lúide an LPSP nua faoi bhun €32,500
Ollphinsean Bliantúil	Níos mó ná	€33,010.31			LPSP nua (feic Colún 4 de Thábla 1)

### **COMHIOMLÁNÚ an LPSP le héifeacht ó 1 Meán Fómhair 2013**

Roimh 1 Meán Fómhair 2013, áit a raibh dhá phinsean seirbhíse poiblí nó níos mó ná sin á bhfáil ag duine, chuir na comhlachtaí aonair a bhí ag íoc na bpinsean sin an LPSP i bhfeidhm go leithleach. Is mar seo a bheidh sé i gcónaí amach anseo sa chás gur lú ná €32,500 in aghaidh na bliana luach comhcheangailte na bpinsean. Ó 1 Meán Fómhair 2013 amach, áfach, **áit a mbíonn dhá phinsean seirbhíse poiblí, nó níos mó ná sin, dar luach comhcheangailte níos mó ná €32,500 in aghaidh na bliana á bhfáil ag duine**, cuirfear an LPSP i bhfeidhm ar an luach comhcheangailte nó comhiomlánaithe.

Tar éis an leasaithe ar an LPSP ó 1 Meán Fómhair 2013 amach, beidh duine atá ag fáil níos mó ná pinsean seirbhíse poiblí amháin sa chás céanna le pinsinéir a bhfuil pinsean amháin aige atá ar comh-mhéid le luach comhcheangailte an dá phinsean aigean.

Tá feidhm ag an gcomhiomlánú i leith pinsean atá faoi réir ag na rialacháin LPSP céanna, eg. áit a bhfuil dhá phinsean nó níos mó ná sin ag duine mar bhall agus, ag an am céanna, mar chéile baill atá éagtha, áit ar scoir an bheirt bhall den scéim:

- suas go dtí 29 Feabhra 2012, nó
- tar éis 29 Feabhra 2012.

Ríomhfar an LPSP ar shuim chomhcheangailte an dá phinsean atá iníoctha. Is as an bpinsean is airde a ghearrfar an dliteanas ar fad as an LPSP agus ní cuirfear an LPSP i bhfeidhm ar an bpinsean is ísle.

Ní bheidh feidhm ag an gcomhiomlánú i leith pinsean atá faoi réir ag rialacháin éagsúla LPSP, eg. áit ar scoir an céile atá éagtha roimh 29 Feabhra 2012, agus gur scoir an ball tar éis 29 Feabhra 2012.

(Tabhair faoi deara le do thoil nach meastar gur pinsin seirbhíse poiblí chun críche an LPSP na pinsin a íocann an Roinn Coimirce Sóisialta faoin gcód leasa shóisialaigh.)

Tá foráil dlí déanta do chomhcheangal nó comhiomlánú pinsean seirbhíse poiblí, chun críche an LPSP a ghearradh, ag na bearta dlíthiúla seo a leanas ach go háirithe:

- Cuid 4 den *Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012*.
- Alt 5(5) den *Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2013*.

Is é an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chinn ar 1 Meán Fómhair 2013 mar dháta tosaithe do chomhiomlánú an LPSP agus is eisean a shínigh, i ndáil leis seo, Acht na bPinsean Seirbhíse Poiblí (Scéim Shingil agus Forálacha Eile) 2012 (*Ailt 68, 69, 70 agus 71*) *Ordú Tosaithe 2013* (Ionstraim Reachtuil Uimh. 314 de 2013).

**Tábla 3 Léirítear an chaoi a gcuirfear comhiomlánú an LPSP i bhfeidhm:**

<b>TÁBLA 3</b>	
<b>Suim an Phinsin Chomhiomlánaithe</b>	<b>An laghdú LPSP ar an bpinsean</b>
Suas go €32,500	Níl feidhm ag an LPSP. Aisbhaineann an párolla cuí an LPSP go leithleach i gcónaí phinsin, mar atá léirithe i dTáblaí 1 agus 2.
€32,500 go €34,132	Ríomhtar suim amháin LPSP ar bhonn iomláin na bpinsean comhcheangailte. Aisbhaintear an tsuim seo ón bpinsean is airde agus uaidh sin amháin. Ní aisbhaintear an LPSP ón bpinsean is ísle feasta.
€34,132 go €34,748	Ríomhtar suim amháin LPSP ar bhonn iomláin na bpinsean comhcheangailte. Aisbhaintear an tsuim seo ón bpinsean is airde agus uaidh sin amháin. Ní aisbhaintear an LPSP ón bpinsean is ísle feasta. Ní laghdófar an pinsean iomlán lúide an tsuim leasaithe LPSP faoi bhun €32,500 (fa réir rialachán a tugadh isteach ar 1 Iúil 2013).
Os cionn €34,748	Ríomhtar suim amháin LPSP ar bhonn iomláin na bpinsean comhcheangailte. Aisbhaintear an LPSP ón bpinsean is airde agus uaidh sin amháin. Ní aisbhaintear an LPSP ón bpinsean is ísle feasta.

Tá tuilleadh eolais maidir leis an LPSP le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, <http://per.gov.ie/faqs-on-haddington-road-agreement-2/> i bhfoirm Ceisteanna Coitianta. Díríonn Ceisteanna 36 go 44 ar ghnéithe éagsúla den LPSP agus ag Ceist 45 leagtar amach samplaí léiritheacha de chur i bhfeidhm an LPSP.

<b>CAIRT A</b>		<b>CAIRT B</b>	
Scoir suas go dtí 29 Feabhra 2012		Scoir tar éis 29 Feabhra 2012 (01 Márta 2012 go 31 Lúnasa 2014)	
Ollphinsean Bliantúil <= €34,131.87, ie Pinsean lúide LPSP mar a bhí roimh Iúil 2013 <= €32,500	Ollphinsean Bliantúil > €34,131.87, i.e. Pinsean lúide LPSP mar a bhí roimh Iúil 2013 > €32,500	Ollphinsean Bliantúil <= €32,500	Ollphinsean Bliantúil > €32,500
LPSP mar a bhí ar dtús (Gan aon athrú) Feic Táblaí 1 & 2	LPSP méadaithe Feic Táblaí 1 & 2	LPSP Nialais (Gan aon athrú)	LPSP nua Feic Táblaí 1 & 2